



An Bhruiséil, 13 Márta 2026
(OR. en)

7329/26

POLCOM 100
COMER 41
DELECT 51

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	12 Márta 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 1591 final
Ábhar:	RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an 12.3.2026 lena leasaítear an larscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/287 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 1591 final.

Faoi iamh: C(2026) 1591 final



An Bhruiséil, 12.3.2026
C(2026) 1591 final

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 12.3.2026

lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/287 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is minic a thugann an tAontas Eorpach comhaontuithe trádála i gcrích le tríú tíortha, comhaontuithe lena dtugann na Páirtithe cóir fhabhrach dá chéile. I measc na gcomhaontuithe sin tá an Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile ('Comhaontú idir an tAontas agus an Úcráin'), ina bhfuil¹ sásraí chun fabhair tharaife nó cóir fhabhrach eile a aistarraingt go sealadach i ndáil le táirgí áirithe.

Le Rialachán (AE) 2019/287 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Feabhra 2019 ('an Rialachán maidir le Coimircí Déthaobhacha') cuirtear chun feidhme clásail choimirce dhéthaobhacha agus sásraí eile lenar féidir aistarraingt shealadach a dhéanamh ar na fabhair tharaife i gcomhaontuithe trádála áirithe a tugadh i gcrích idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcás ina bhfuil forálacha sonracha i gcomhaontuithe trádála den sórt sin maidir le bearta coimirce nó sásraí eile chun aistarraingt shealadach a dhéanamh ar fabhair tharaife nó cóir fhabhrach eile nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Coimircí Déthaobhacha, ba cheart na forálacha sonracha sin a liostú freisin san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin.

Tá forálacha sonracha den sórt sin sa Chomhaontú idir an tAontas agus an Úcráin maidir le sásraí lenar féidir fabhair tharaife nó cóir fhabhrach eile a aistarraingt go sealadach i ndáil le táirgí áirithe. De bhun Airteagal 29(4) de Chomhaontú idir an tAontas agus an Úcráin, chomhaontaigh an tAontas agus an Úcráin raon feidhme dhíothú na dleachta custaim ina dtrádáil dhéthaobhach a leathnú. Ina theannta sin, tháinig siad ar chomhaontú maidir le sásraí sonracha i ndáil leis na fabhair chomhaontaithe:

- de bhun Airteagal 2 d'Iarscríbhinn I-E a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas agus an Úcráin, tá rochtain chaibidlithe na hÚcráine ar an margadh ag brath ar a hailíniú le caighdeáin táirgthe agrairbhia an Aontais agus d'fhéadfadh sé go gcuirfí a rochtain ar an margadh ar fionraí mar thoradh ar an neamhailíniú; agus
- de bhun Airteagal 3 d'Iarscríbhinn I-E a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas agus an Úcráin, comhaontaítear sásra láidir lena bhféadfaí bearta iomchuí a ghlacadh i gcásanna ina bhféadfadh allmhairí ón bPáirtí eile a bheith ina gcúis le deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha, sochaíocha nó comhshaoil ina chríoch nó ina bhfuil baol ann go bhféadfaidís a bheith ina gcúis leo.

Ós rud é gur féidir leis na sásraí sonracha sin fabhair tharaife nó cóir fhabhrach eile a aistarraingt go sealadach i ndáil le táirgí áirithe, cumhdaítear iad faoi Airteagal 14 den Rialachán maidir le Coimircí Déthaobhacha. Dá bhrí sin, is gá an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán maidir le Coimircí Déthaobhacha a leasú dá réir, trí thagairtí don Chomhaontú idir an tAontas agus an Úcráin agus do na forálacha a bhaineann leis na sásraí sin a chur san áireamh.

Le hAirteagal 15 den Rialachán Coimircí Déthaobhacha tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú.

¹ Airteagail 2 agus 3 d'Iarscríbhinn I-E a ghabhann le Comhaontú AE-an Úcráin.

2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMHGHILACADH AN GHNÍMH

De bhun mhír 4 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, rinneadh comhairliúchán iomchuí trédhearcach. Ní gá aon chomhairliúchán breise le páirtithe leasmhara ná le páirtithe leasmhara a dhéanamh, ná measúnú tionchair a ullmhú ach oiread.

3. EILIMINTÍ DLÍTHIÚLA AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 15 den Rialachán maidir le Coimircí Déthaobhacha tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú d'fhonn iontrálacha a chur isteach a bhaineann le Comhaontú agus leis na clásail choimirce dhéthaobhacha shonracha nó le sásraí eile atá sna comhaontuithe trádála a tugadh i gcrích idir an tAontas Eorpach agus tríú tír amháin nó níos mó agus nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Coimircí Déthaobhacha. Leasófar an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán maidir le Coimircí Déthaobhacha chun forálacha sonracha atá sa Chomhaontú idir an tAontas agus an Úcráin a liostú.

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 12.3.2026

lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/287 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/287 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Feabhra 2019 lena gcuirtear chun feidhme clásail choimirce dhéthaobhacha agus sásraí eile lenar féidir aistarraingt shealadach a dhéanamh ar na fabhair tharaife a bhaineann le comhaontuithe trádála áirithe a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha², agus go háirithe Airteagal 15 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2019/287, leagtar síos forálacha maidir le cur chun feidhme na gclásal coimirce déthaobhach agus sásraí eile chun fabhair tharaife agus cóir fhabhrach eile atá i gcomhaontuithe trádála áirithe arna dtabhairt i gcrích idir an tAontas agus tríú tír amháin nó níos mó dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin a aistarraingt go sealadach. Tá feidhm ag forálacha Rialachán (AE) 2019/287 gan dochar d'aon fhoráil shonrach atá sna comhaontuithe trádála sin, i gcás nach bhfuil na forálacha sin i gcomhréir leis an Rialachán sin. Tá na forálacha sonracha sin atá i gcomhaontuithe trádála áirithe liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/287.
- (2) An Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile³, arna leasú le Cinneadh Uimh. 3/2025 ó Choiste Comhlachais AE-an Úcráin i gcumraíocht trádála an 14 Deireadh Fómhair 2025⁴ (an Comhaontú), ní liostaítear é san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/287 agus tá forálacha áirithe ann maidir le sásraí lenar féidir fabhair tharaife nó cóir fhabhrach eile a aistarraingt go sealadach i ndáil le táirgí áirithe, ar forálacha iad nach bhfuil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/287. Dá réir sin, ba cheart tagairt don Chomhaontú agus dá fhorálacha sonracha a áireamh san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/287.
- (3) De bhun Airteagal 29(4) den Chomhaontú, chomhaontaigh an tAontas agus an Úcráin raon feidhme dhíothú na dleachta custaim ina dtrádáil dhéthaobhach a leathnú. Ina theannta sin, tháinig siad ar chomhaontú maidir le sásraí sonracha i ndáil leis na fabhair chomhaontaithe:
 - de bhun Airteagal 2 d'Iarscríbhinn I-E a ghabhann leis an gComhaontú, ní mór don Úcráin a reachtaíocht a ailíniú le reachtaíocht shonrach de chuid an Aontais faoin 31 Nollaig 2028. I gcás nach gcomhlíonfaidh an Úcráin an oibleagáid sin, féadfaidh an tAontas na fabhair arna ndeonú de bhun

² IO L 53, 22.2.2019, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/287/2025-05-11>

³ IO AE L 161, 29.5.2014, p. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2014/295/oj.

⁴ IO L 2025/2130, 20.10.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2130/oj>

Airteagal 1 d'Iarscríbhinn I-E le haghaidh táirgí ábhartha a chur ar fionraí ina n-íomláine nó i bpáirt; agus

- de bhun Airteagal 3 d'Iarscríbhinn I-E den Chomhaontú, má tá deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha, sochaíocha nó comhshaoil de chineál earnála nó réigiúnach, ar dócha go leanfaidh siad ar aghaidh, tagtha chun cinn nó má tá baol ann go dtiocfaidh siad chun cinn, i gcás an Aontais nó na hÚcráine, lena n-áirítear i gcás an Aontais i mBallstát amháin nó níos mó, mar thoradh ar allmhairí táirge a chumhdaítear leis an léirscaoileadh breise faoi Airteagal 1 d'Iarscríbhinn I-E, féadfaidh an Páirtí lena mbaineann bearta coimirce iomchuí a dhéanamh i leith na bhfabhar a dheonaítear faoi Airteagal 1.
- (4) Ós rud é go bhforáiltear leis na sásraí sonracha sin maidir le haistarraingt shealadach a dhéanamh ar fhabhair tharaife nó cóir fhabhrach eile i ndáil le táirgí áirithe, tagann siad faoi raon feidhme Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2019/287, lena rialaítear na sásraí agus na critéir le haghaidh aistarraingtí sealadacha den sórt sin.
- (5) Dá bhrí sin, is gá an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/287 a leasú trí thagairtí don Chomhaontú agus do na forálacha a bhaineann leis na sásraí sin a chur san áireamh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo leis an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/287.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12.3.2026

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN